

Joe Ó Brien Muiscít i mbun

BHÍ SÉ A SÉ A CHLOG nuair a fuair Joe an scairt. D'amharc sé ar a ghuthán agus 'NUMBER WITHELD' a bhí scríofa ar an ghuthán. "Cé atá ag scairtigh ag an am seo den mhaidín," a smaoinigh sé, leathmhúscailte. "Dia Dui...."
Joe goitse aníos chuig an cheann-cheathrú i mBaile Átha Cliath anois," arsa guth a bhí cosúil le guth Philib Mhig Uidhir, Ceannaire nua S.S.E. (nó Seirbhís Spiaireachta na hÉireann)

"Cén fáth."

"Ní thig liom a rá ar an ghuthán, b'fhéidir go bhfuil na línte gutháin faoi mhonatóireacht. Míneoidh mé achan rud duit."

Dúirt Joe lena athair, Páidí, go raibh air imeacht agus d'imigh sé ar aghaidh go dtí an Europa, Bus Station i mBéal Feirste, an ait ina bhfuair sé bus 'Translink'X1 go Baile Átha Cliath.

Bhí Bobby Hagan ag fanacht le Joe ag an Bhusáras i mBaile Átha Cliath.

Nuair a chonaic sé Joe scairt sé amach, "Joe thall anseo," le blas láidir Iarthar Bhéal Feirste.

"Go fóill anseo a Bhobby?," arsa Joe, agus é ag scig-gháire.

"Here mate, gabh isteach sa charr agus amharc ar do theanga."

"Cad é"

Cúig bhomaite ina dhiadh sin bhí siad sa cheanncheathrú i bPáirc an Fhionnuisce.

Dúirt Bobby le Joe dul díreach go dtí Oifig Philib.

"Goitse isteach, a Joe," arsa Pilib.

"Cén fáth ar dhúirt tú liom teacht aníos anseo," a d'fhiafraigh Joe.

"Bhuel, an cuimhin leat Muiscít."

"Is maith is cuimhin liom."

"Tá siad i ndiaidh Baile Átha Cliath a chur faoi sheilbh, tá saighdiúirí s'acu ag patrólú shráideanna na cathrach."

"Shíl mé go raibh rud éigin aisteach fúthu."

"Tá tusa de dhíth orainn le dul isteach agus é a mharú"

"Maith go leor"

"Gabh síos chuig C (an Ceathrúnach) agus tabharfaidh sé giuirléidí duit."

Thug C hata le stiúdghunna, méaróg chuimhne a bhí ina gunna dairíre agus bileog ó shiopa éigin darbh ainm 'Bosco's Toy Emporium'

"Má bhrúitear an uimhir ghutháin cuirfidh sé téacs chugainn," arsa C.

"Go raibh maith agat," arsa Joe.

Buncar faoin talamh i mBaile Átha Cliath, 28 Eanáir 2013, 12:26:05

"A chairde, tá muid anseo inniu le hÉire a scriosadh, na hamanna eile ar bhain muid triail as stop an, an, an **бастар** (bastar, b*****d i Rúisis) sin muid," arsa an Ginearál Dimitry Vladmir Dormaty (nó an Ginearál DVD).

D'fhág Bobby Hagan Joe in aice le hArdoifig an Phoist.

"An bhfuil fios agat cá háit a bhfuil ceanncheathrú Mhuiscít?," arsa Joe.

"Tá," arsa Bobby.

"Bhuel, cén fáth nach ndearna sibh seo roimhe le daoine fásta?"

"Mar níl fios ach ag cúpla duine i SSE fút, agus má tá mole ann ní bheidh fios acu fút."

"Anois a chairde, i gceann bomaite beidh an domhan is fearr ann," arsa DVD.

Boom boom

" Cé a lig broim?"

"Ní broim í sin ach gunna!!" arsa Joe.

Dubhaltach Mac Conmidhe, Bliain 2, Coláiste Feirste, Béal Feirste